Coiste Eorpach
na Réigiún

# RÁITEAS MISIN

Tionól an Aontais Eorpaigh d'ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla is ea Coiste na Réigiún.

Is tionól polaitiúil sinn a bhfuil sainordú toghchánach réigiúnach nó áitiúil againn agus oibrímid ar son na lánpháirtíochta Eorpaí.

A bhuí lenár ndlisteanacht pholaitiúil, déanaimid ionadaíocht institiúideach thar ceann limistéir áitiúla, réigiúin, chathracha agus bhardais uile an Aontais Eorpaigh.

Is é an misean atá againn páirt a thabhairt do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla sa phróiseas cinnteoireachta Eorpach agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht níos mó a chothú i measc ár saoránach sa phróiseas sin.

Gach gníomhaíocht pholaitiúil dá ndéanaimid, tá sí bunaithe ar an tuiscint go bhfuil ríthábhacht leis an gcomhar, cibé acu ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil é sin, má táimid chun aontas níos dlúithe agus níos comhthacúla a chur ar bun do mhuintir na hEorpa agus chun freagairt do dhúshláin an domhandaithe.

Chuige sin, bímid ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh, agus leis na leibhéil éagsúla údaráis sna Ballstáit, chun an rialachas il-leibhéil a chur chun cinn freisin.

Vótálaimid ar mholtaí polaitiúla le haghaidh straitéisí Eorpacha agus glacaimid páirt in ullmhú reachtaíocht an Chomhphobail.

Sna céimeanna is luaithe den phróiseas reachtach, molaimid modhanna oibre agus gníomhaíochta polaitiúla bunaithe ar thaithí agus saineolas na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, arb iad is minice a bhíonn freagrach as reachtaíocht a chur chun feidhme.

Teastaíonn uainn go mbeidh an Eoraip aontaithe san éagsúlacht i ndomhan atá domhandaithe, go mbainfidh sí an leas is mó is féidir as a héagsúlacht chríochach, chultúrtha agus teanga, toisc go bhfuil a neart agus ráthú fhéiniúlacht a muintire ag brath ar an méid sin.

GA

Déanaimid ár gcion féin chun an daonlathas Eorpach agus an tsaoránacht Eorpach mar aon leis na luachanna a ghabhann leo a chur chun cinn, agus cuirimid le treisiú na gceart bunúsach agus le cosaint na mionlach.

Bímid ar an airdeall lena áirithiú go n-urramaítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta le gur féidir cinntí a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal is gaire is féidir do na saoránaigh agus ar an leibhéal is iomchuí.

Ar an gcaoi sin, áirithímid go gcuirtear comhbheartais chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí agus níos gaire do na saoránaigh.

Oibrímid le forbairt chomhchuí agus inbhuanaithe a áirithiú ar fud na limistéar áitiúil agus réigiúnach Eorpach uile.

Ar an mbealach sin, seasaimid le cuspóirí an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh san Aontas Eorpach ar mhaithe le prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta.

Éilímid uathriail do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus éilímid a gceart chun acmhainní airgeadais iomchuí a fháil le gur féidir leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

Cuirimid chun cinn, mar sin, prionsabail agus meicníochtaí an dea-rialachais agus cuirimid próiseas an díláraithe chun cinn.

Cuirimid an comhar chun cinn idir údaráis réigiúnacha agus áitiúla na mBallstát, ach, anuas air sin, mar chuid de straitéis an mhéadaithe, beartas na comharsanachta agus beartas na forbartha, cuirimid an comhar chun cinn le húdaráis tíortha is iarrthóirí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha, tíortha comharsanachta agus tríú tíortha.

Bunaímid ardáin agus líonraí, eagraímid fóraim chun comhar agus tiomsú taithí a éascú idir na réigiúin, na cathracha agus na bardais, agus forbraímid comhpháirtíochtaí lena gcuid eagraíochtaí ionadaíocha.

Is ambasadóirí de chuid na hEorpa sinn sna réigiúin, sna cathracha agus sna bardais agus labhraímid ar a son sa díospóireacht Eorpach.

Bíonn idirphlé díreach againn lenár gcomhshaoránaigh faoina bhfuil bainte amach ag an Eoraip agus faoi na dúshláin atá romhainn agus cuidímid le cur chun feidhme bheartais an Chomhphobail mar aon lena dtionchar críochach a mhíniú agus a mhionléiriú.

Tógaimis an Eoraip i gcomhar le chéile!

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2009